



GAEILGE IORRAIS

Preasráiteas Press Release 19.03.2021	Tuilleadh eolais: gaeilgeiorrais@gmail.com 097-29023 www.gaeilgeiorrais.ie	*English language version is available on page 3.
--	--	--

Comórtas Reatha na Gaeltachta 2021: Foireann Iorrais

Tá na hoifigigh pleanála teanga fud fad na Gaeltachta tagtha le chéile le Comórtas Reatha na Gaeltachta a reáchtáil arís i mbliana agus chun fáil amach cén pobal Gaeltachta is aclaí in Éirinn. Cuirfear tús le comórtas na bliana seo Luan Cásca (5 Aibreán) agus leanfaidh sé ar aghaidh ar feadh ceithre seachtaine, le críochnú ar Luan Bealtaine (03.05.2021). Ba mhaith le Gaeilge Iorrais foireann a chur le chéile ón nGaeltacht seo aríst i mbliana agus muid ag súil leis an gcuradhmhír a bhaint .i. stádas mar 'an pobal Gaeltachta is aclaí in Éirinn' a fháil agus corn Raidió na Gaeltachta a thabhairt linn go hIorras Mhaigh Eo.

Má tá tú sásta dul ag siúl nó ag rith ar a laghad faoi dhó sa tseachtain ar son do phobail Ghaeltachta (laistigh den teorann 5km ón mbaile), íosmhéid de 10km a dhéanamh sa tseachtain agus an deis a thapú do chuid Gaeilge a úsáid nó a chleachtadh mar chuid den ghrúpa *WhatsApp* a chuirfear le chéile don chomórtas, líon an fhoirm chlárúcháin ar líne go beo ag <https://forms.gle/zXxF2CsYbCuw4oS59> agus roimh 31.03.2021. Ní mór duit a bheith 18 mbliana d'aois nó níos sine le páirt a ghlacadh sa chomórtas seo.

Cuirfear ceist ar gach rannpháirtí cuntas agus fianaise a choinneáil ar a chuid míleáiste féin ar aip aclaíochta (cosúil le Strava nó Map My Run) agus seiceáil isteach i nGaeilge leis an ngrúpa áitiúil *WhatsApp* uair sa tseachtain. Mar sin, ní dírithe ar chúrsaí aclaíochta amháin a bheidh an comórtas ach ag iarraidh caidreamh agus cumarsáid trí Ghaeilge a chothú go fíorúil i measc rannpháirtithe, in am dúshlánach seo na dianghlasála.

Achar déanta nó an líon ciliméadar a dhéanann tú is é an rud is tábhachtaí agus ní an méid ama a thógann sé ort an turas a dhéanamh. Coinneofar cuntas ar mhíleáiste iomlán

an ghrúpa go háitiúil. Roinnfear míleáiste iomlán an ghrúpa ar líon na ndaoine atá ag glacadh páirte sa chomórtas ar son an phobail sin. Fógrófar torthaí na gceantar Gaeltachta go léir uair sa tseachtain ar chlár Iris Aniar, Raidió na Gaeltachta. Fógrófar an ceantar Gaeltachta is aclaí (nó an pobal leis an meánmhíleáiste is mó) ar an 5 Bealtaine.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Laoise Ní Dhúda, oifigeach pleanála teanga le Gaeilge Iorrais, faoi chomórtas na bliana seo;

Cuireann muid na múrtha fáilte roimh aon duine as Gaeltacht Iorrais atá sásta tabhairt faoin dúshlán aclaíochta seo linn ar feadh míosa. Seo deis iontach spórt a chleachtadh go rialta, amuigh faoin aer, trí mheán na Gaeilge agus ar son an phobail Ghaeltachta seo. Chun spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do rannpháirtithe, socrófar ar ghníomhaíocht bheag roghnach chuile sheachtain agus bronnfar duaiseanna beaga go háitiúil dá réir sin. Tá Gaeilge Iorrais sásta t-léine a bhronnadh ar chuile dhuine a chríochnaíonn an comórtas ceithre seachtaine seo.

Chuir Majella Ní Chríocháin, oifigeach pleanála teanga na Ceathrún Rua leis an méid sin:

Bhain daoine an-spórt agus spraoi as an gcomórtas seo anuraidh agus anois le síneadh breá sna tráthnónta tá muid ag iarraidh daoine a spreagadh le dul amach ag siúl nó ag rith le cur le míleáiste iomlán a gceantair. Píosa craic a bheidh ann ach é sin ráite, tá barúil againn go mbeidh iomaíocht ghéar ann idir na pobail Ghaeltachta, mar a bhí anuraidh! Tá muid thar a bheith buíoch de Raidió na Gaeltachta as Corn Raidió na Gaeltachta a chur ar fáil agus d'Údarás na Gaeltachta as Corn Údarás na Gaeltachta a chur ar fáil don chomórtas.

Bí i dteagmháil linn ag gaeilgeiorrais@gmail.com nó (097) 29023 más mian leat níos mó eolais a fháil faoin gcomórtas. Coinnigh súil ar leathanach Facebook @Gaeilge Iorrais agus ar www.gaeilgeiorrais.ie don nuacht is déanaí. Clárú: <https://forms.gle/zXxF2CsYbCuw4oS59>

**COMÓRTAS REATHA
NA
Gaeltachta**

CÉN POBAL GAELTACHTA IS ACLÁI IN ÉIRINN?
5 AIBREÁN - 3 BEALTAINÉ 2021
BÍ AG SIÚL NÓ AG RITH AR SON DO PHOBAIL!
DUAIS: CORN RAIDÍÓ NA GAELTACHTA & €200
LE CLÁRÚ CUIR RPHOST CHUIG
GAEILGEIORRAIS@GMAIL.COM

#Seofan Gaeltacht

GAEILGE IORRAIS

Gaeltachta RTÉ RAIDÍÓ NA GAELTACHTA

Comórtas Reatha na Gaeltachta 2021: Gaeltacht Iorrais

Language planning officers from all over the Gaeltacht have come together again this year to run *Comórtas Reatha na Gaeltachta*. For four weeks starting on Easter Monday (05.04.2021) until May Day (03.05.2021), we invite you to join the local *Gaeltacht Iorrais* team for Comórtas Reatha na Gaeltachta 2021 as we attempt to become *an pobal Gaeltachta is aclaí in Éirinn* - the most active Gaeltacht community in Ireland.

If you're looking for a month-long challenge, happy to participate in this community endeavour *ar son do phobail* and go for a walk or a run at your own pace at least twice a week for four weeks, averaging at least 10km per week (distance is most important not the time taken), and willing to take advantage of the opportunity to use or practice whatever Irish you have in the local WhatsApp group which will be set up for the duration of the *comórtas*, please complete the online registration form at <https://forms.gle/zXxF2CsYbCuw4oS59>

In order to participate you must be 18 years or older, from the Erris Gaeltacht and Irish speaking or learning Irish. Each participant will be asked to track their own mileage on a fitness app such as Strava or Map My Run on at least 2 days during the week (within 5k radius) and submit a screenshot with an update on progress at the end of each week. This is more than just a fitness challenge, as we also hope to encourage *beagánín* banter *as Gaeilge* on the local WhatsApp group for the duration of the *comórtas*.

Time taken doesn't matter, it's the distance travelled that matters the most. We will be competing against other Gaeltacht communities *ar fud na tíre*. Language planning officers will keep a local tally on total mileage and submit overall results each week. Each group's total mileage will be divided by the total number of participants in the group to ascertain their group average. An all-Gaeltacht league table will be announced each week as part of *Iris Aniar* programme on *Raidió na Gaeltachta*. The overall winner, the most active Gaeltacht community, with the most mileage on average, will be announced on 5th May.

Laoise Ní Dhúda, language planning officer with Gaeilge Iorrais added the following:

We extend a massive welcome to anyone from the Erris Gaeltacht who is willing to take part in this month-long exercise challenge with us. This is a great opportunity to get outdoors, keep active on a regular basis and *trí mheán na Gaeilge*. To help

with motivation and support during these challenging pandemic times, we will set an optional weekly activity to keep things interesting! Prizes will be awarded locally to participants via a raffle. Gaeilge Iorrais will present a t-shirt to each participant that completes this four-week *comórtas*.

Majella Ní Chríocháin, language planning officer in an Cheathrú Rua also remarked;

Participants really enjoyed this competition last year and now with a fine stretch in the evenings, we are hoping to encourage people to get moving again, go for a walk or a run on behalf of their Gaeltacht community and add to their overall mileage tally. Great craic is in store but it also looks like there will be serious competition again this year between the various Gaeltacht areas. Huge thanks to Raidió na Gaeltachta for sponsoring Corn Raidió na Gaeltachta and also to Údarás na Gaeltachta for sponsoring Corn Údarás na Gaeltachta for the competition.

If you would like to hear more about this *comórtas* call us on 097-29023, email us at gaeilgeiorrais@gmail.com, check out our website www.gaeilgeiorrais.ie or for regular updates follow our Facebook page @Gaeilge Iorrais. Please register for Gaeltacht Iorrais here: <https://forms.gle/zXxF2CsYbCuw4oS59>

(CRÍOCH/END)